mhéadaithe cuntas teiste láidir a bhunú maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus ciontuithe deiridh i gcásanna sciúrtha airgid, lena n-áirítear mar choir neamhspleách. Is gá ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais maidir le sciúradh airgid a choiriúlú i ndáil leis sin, chomh maith le cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus aisghabháil sócmhainní. Tá dul chun cinn déanta ag roinnt tíortha maidir le himscrúduithe airgeadais a sheoladh ar bhealach níos córasaí. Ar an iomlán, áfach, ní leor fós an acmhainneacht chun imscrúduithe den sórt sin a sheoladh agus sócmhainní a urghabháil agus a choigistiú go héifeachtach. Chun sreabha aindleathacha airgeadais a rianú agus a choigistiú go héifeachtach, tá gá le hiarrachtaí breise chun faisnéis iontaofa a bhailiú agus a scaipeadh, lena n-áirítear trí thrédhearcacht na faisnéise maidir le húinéireacht thairbhiúil a fheabhsú i.e. go háirithe trí na cláir úinéireachta tairbhiúla, agus trí rochtain idirinstiúideach ar bhunachair sonraí ábhartha a neartú. Ina theannta sin, ba cheart gach uirlis choigistithe atá ar fáil a úsáid. Cé go bhfuil bunú oifigí um aisghabháil sócmhainní fós míchothrom ar fud tíortha an mhéadaithe, tá roinnt dul chun cinn déanta ag an Albáin agus ag an gCosaiv go háirithe. Ní mór acmhainneacht bhreise a fhorbairt chun dul i ngleic le mí-úsáid criptea-airgeadraí chun críoch coiriúil. Ní mór do thíortha an mhéadaithe a áirithiú go mbeidh acmhainneacht leordhóthanach cur chun feidhme agus forfheidhmithe ag a n-údaráis chustaim agus go n-oibreoidh siad i gcomhar lena n-údaráis chánach freisin.

Ní mór aird ar leith a thabhairt i gcónaí ar **an sceimhlitheoireacht, ar an antoiseachas foréigneach agus ar an radacú**. Leanadh den Phlean Comhpháirteach Gníomhaíochta maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht do na Balcáin Thiar a chur chun feidhme, agus síníodh Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach nua i mí Dheireadh Fómhair 2025. Ba cheart do thíortha an mhéadaithe a áirithiú go ndéanfaidh a gcreataí dlíthiúla cionta sceimhlitheoireachta a choiriúlú go héifeachtach agus go mbeidh siad ailínithe le *acquis* an Aontais maidir le réamhtheachtaithe pléascán agus ábhar sceimhlitheoireachta ar líne. Is iad an radacú ar líne, go háirithe radacú daoine óga agus mionaoiseach, agus an radacú sna príosúin, na comhthéacsanna is mó imní agus is dúshlánaí a bhaineann leis an radacú. Tá gá le hiarrachtaí níos mó chun na feiniméin sin a chosc, agus ba cheart bearta nithiúla a dhéanamh chun cur i gcoinne ábhar sceimhlitheoireachta ar líne. Ní mór sásraí comhordúcháin a bhunú chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoiseachas foréigneach a chosc agus a chomhrac nó tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na sásraí sin i roinnt mhaith tíortha de chuid an mhéadaithe.

Tá ailíniú reachtach agus institiúideach le creat an Aontais maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil fós ag céim luath i ngach réimse. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun reachtaíocht náisiúnta a fhorbairt agus chun bonneagar criticiúil a shainaithint i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Is dúshlán tromchúiseach polaitiúil, sochaíoch agus slándála fós iad **bagairtí hibrideacha** do thíortha an mhéadaithe. Áirítear ar na bagairtí sin ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, ionsaithe fisiciúla agus cibirionsaithe, go háirithe maidir le bonneagar criticiúil. Féachann siad leis an mbonn a bhaint de bhunluachanna daonlathacha an Aontais agus le sochaithe a bhriseadh, laistigh den Aontas agus i dtíortha an mhéadaithe araon. Tá a hathléimneacht cruthaithe ag an Moldóiv go háirithe maidir le cur isteach gan staonadh na Rúise i gcomhthéacs na dtoghchán parlaiminteach. Ar fud tíortha an mhéadaithe, tá gá le hiarrachtaí níos mó chun an spás d'ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis agus don bhréagaisnéis a dhúnadh agus chun athléimneacht na sochaí a mhéadú (féach freisin cuid IV den teachtaireacht seo). Treisíodh tacaíocht agus comhar an Aontais do thíortha is iarrthóirí maidir le feabhas a chur ar an athléimneacht fhrithpháirteach.

An Imirce

Tá an tAontas tiomanta i gcónaí don chomhar leis na Balcáin Thiar agus leis an Tuirc agus do thacaíocht a thabhairt dóibh trí chur chuige cuimsitheach a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar an **imirce neamhrialta**, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, feabhas a chur ar bhainistiú teorainneacha, ar chomhar maidir le tearmann, cosaint agus glacadh, dlús a chur leis an obair maidir le filleadh agus cosaint na gceart bunúsach a áirithiú agus ailíniú breise beartais víosaí a bhaint amach ag an am céanna. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar shreabha imirce neamhrialta ar bhealaí na mBalcáin Thiar, tá gá le forairdeall leanúnach chun aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta feadh an bhealaigh sin, go háirithe gníomhaíocht neamhdhleathach agus fhoréigneach na líonraí coiriúla a bhfuil baint acu le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine.

In 2024, tháinig laghdú 78 % ar líon na dtrasnuithe neamhdhleathacha teorann isteach san Aontas ó na Balcáin Thiar i gcomparáid le 2023 – leanúint den laghdú 31 % a taifeadadh in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí an treocht anuas an-suntasach fós ann in 2025 go dtí seo, agus tháinig laghdú 47 % ar rátaí braite le linn na chéad 8 mí den bhliain chomh maith, i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024. Tá an dul chun cinn sin nasctha le hiarrachtaí forfheidhmithe feabhsaithe laistigh den réigiún agus le plean gníomhaíochta an Aontais maidir leis na Balcáin Thiar. Bhí ailíniú níos tapúla le *acquis* an Aontais le blianta beaga anuas ina chuidiú le bainistiú teorainneacha feabhsaithe freisin. Áirítear ar na réimsí fócais bainistiú éifeachtach teorainneacha, an comhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, líon na ndaoine a fhilleann abhaile a mhéadú, agus comhar maidir le tearmann agus cosaint, agus córais ghlactha.

Ar an iomlán, tá torthaí oibríochtúla ag baint le comhar an Aontais leis na Balcáin Thiar chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Tá sé léirithe ag comhpháirtithe na mBalcáin Thiar go bhfuil siad tiomanta i gcónaí don chomhar sa réimse sin.

Le linn an chéad leath de 2025, tháinig laghdú níos mó ná aon trian ar líon na n-imirceach a tháinig isteach ón Tuirc feadh bhealach na Meánmhara Thoir agus tháinig laghdú ar líon na n-imirceach a tháinig isteach ar gach fobhealach. Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú 36 % ar líon na n-imirceach a tháinig isteach san Iodáil a d'imigh ón Tuirc i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2024. Cé gur tháinig laghdú suntasach ar na bealaí farraige ón Tuirc go dtí an Iodáil agus go dtí an Chipir in 2024, tháinig méadú suntasach ar na himirceigh neamhrialta ón Tuirc go dtí an Ghréig trí na teorainneacha talún. Tá plean gníomhaíochta an Aontais maidir le bealach na Meánmhara Thoir, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2023, á chur chun feidhme ag an gCoimisiún. Leanann an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí móra na Tuirce 2,7 milliún dídeanaí a óstáil, ón tSiria den chuid is mó, agus oibríonn sé i gcomhar le húdaráis na Tuirce chun an imirce neamhrialta a chosc. Tá cur chun feidhme an ráitis ón Aontas Eorpach agus ón Tuirc i mí an Mhárta 2016 agus an chomhaontaithe um athligeran isteach idir an tAontas agus an Tuirc rithabhachtach i gcónaí don chomhar idir an tAontas agus an Tuirc ar an iomlán. Tá cogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine fós ina chúis le heasáitiú ollmhór an daonra laistigh den Úcráin agus den réigiún i gcoitinne. Lean tíortha sa réigiún máguaird, agus go háirithe an Mholdóiv, de dhídeanaithe ón Úcráin a óstáil, rud a chuireann le hiarrachtaí cosanta agus lánpháirtíochta.

Ba cheart do chomhpháirtithe uile na mBalcáin Thiar aghaidh a thabhairt, mar ábhar tosaíochta, ar thuilleadh ailínithe le **liosta an Aontais de thríú tíortha a bhfuil ceanglas víosa orthu**, ionas nach mbeidh riosca imirce nó slándála ann don Aontas. Go dtí go ndéanfar ailíniú iomlán, ba cheart do thíortha an mhéadaithe a áirithiú go ndéanfar dianscagadh ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa.

Tá iarratais ar thearmann gan bhunús arna gcur isteach ag náisiúnaigh de chomhpháirtithe an mhéadaithe atá díolmhaithe ó cheanglas víosa fós ina ndúshlán suntasach do roinnt Ballstát

den Aontas.

Rinneadh cúig chomhaontú stádais nua, lena gceadaítear don Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) foirne breise de bhuanchór an Gharda Teorann agus Cósta Eorpaigh a imscaradh sna Balcáin Thiar, a chaibidliú, a shíniú nó a chur i bhfeidhm ó 2022 i leith.

Tá dul chun cinn déanta maidir le córais náisiúnta a ailíniú le **ceanglais Schengen**. Tá sé sin fíor-riachtanach chun na huirlíis agus na hacmhainní is gá a thabhairt do thíortha an mhéadaithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte, lena n-áirítear bagairtí slándála agus imirce neamhrialta. Tá dul chun cinn déanta ag Montainéagró, an Albáin agus an tSeirbia maidir lena bPleananna Gníomhaíochta Schengen a dhearadh nó a chur chun feidhme, agus tá céimeanna ullmhúcháin á nglacadh ag an gcuid eile. Ba cheart deireadh a chur le tarscaoileadh víosa séasúrach agus cead isteach gan víosa a cheadú ar bhonn víosa nó ceada cónaithe arna eisiúint ag tríú tír. Ba cheart do na tíortha is mó dul chun cinn i dtaca leis an méadú dlús a chur lena n-iarreachtaí agus Comhordaitheoir náisiúnta Schengen a cheapadh a bheidh freagrach as Plean Gníomhaíochta Schengen a cheapadh, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh air.

An Geilleagar

D'fhan an fás eacnamaíoch sách láidir in 2024, agus tháinig laghdú ar an mboilsciú i bhformhór na ndeich ngeilleagar méadaithe, le tacaíocht ó phraghsanna tráchtearraí domhanda níos ísle agus seasamh airgeadaíochta faichilleach foriomlán i dtíortha a bhfuil neamhspleáchas airgeadaíochta acu. Chuir boilsciú níos ísle agus pá a bhí ag ardú borradh faoi fhíorioncaim indiúscartha, agus ba é tomhaltas teaghlaigh níos láidre an príomhspreagadh don fhás eacnamaíoch sna Balcáin Thiar, sa Mholdóiv agus sa tSeoirsia. Tháinig méadú ar fhás bliantúil OTI sa tSeoirsia (9.4 %), sa Chosaiv (4.4 %) agus sa Mhacadóin Thuaidh (2.8 %), agus choinnigh an tSeirbia (3.9 %) agus an Albáin (4 %) na rátaí fáis céanna den chuid is mó agus a bhí acu 1 bhliain roimhe sin. Níor tháinig aon bhorradh faoi fhás OTI sa Mholdóiv (0.1 %) go príomha mar gheall ar laghdú suntasach ar an talmhaíocht, agus tháinig laghdú beagnach faoina leath air i Montainéagró (3.2 %) agus rinneadh é a mhodhnú sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin (2.6 %) mar gheall ar onnmhairí níos laige den chuid is mó. Léirigh geilleagar na hÚcráine athléimneacht (2.9 %), ach lagaíodh an móiminteam ó lár na bliana mar gheall ar ionsaithe treisithe na Rúise ar bhonneagar criticiúil. Sa Tuirc, laghdaigh beartais airgeadaíochta dhochta an t-éileamh intíre agus d'athchothromaigh siad fás eacnamaíoch (3.3 %) i dtreo glan-onnmhairí. D'iompaigh gníomhaíocht mhisniúil beartais an taoide ar bhoilsciú, ach spreag teannas polaitiúil intíre suaitheadh airgeadais in earrach 2025.

Chuaigh iarmhéideanna na gcuntas reatha in olcas i bhformhór gheilleagair an mhéadaithe in 2024, rud a léiríonn an méadú ar allmhairí arna spreagadh ag éileamh láidir intíre. Tháinig laghdú beag ar ghlan-insreafaí d'infheistíocht dhíreach choigríche mar sciar de OTI, ach i bhformhór na dtíortha chumhdaigh siad an t-easnamh seachtrach go héasca. Tháinig méadú ar iasachtaí don earnáil phríobháideach i bhformhór na dtíortha. Choinnigh na hearnálacha baincéireachta caipiteal láidir agus staideanna leachtachta fabhracha ar bun, agus tá méadú tagtha ar bhrabúsacht i bhformhór na gcásanna mar gheall ar chorrlaigh arda úis leanúnacha. Tá feabhas foriomlán tagtha ar tháscairí cáilíochta sócmhainní.

In 2024, tháinig méadú mór ar ioncam rialtais ar fud na mBalcán Thiar agus sa Mholdóiv. Ag an am céanna, bhí an caiteachas níos ísle ná mar a bhí sa bhuiséad i bhformhór na dtíortha, rud a léiríonn go minic caiteachas caipitil níos ísle ná mar a bhí beartaithe. Go ginearálta, bhí easnaimh fhioscacha níos ísle ná mar a bhí coinne leo mar thoradh ar fhorghníomhú an

bhuiséid. Eascraíonn dúshlán fhioscacha, i measc nithe eile, as boinn ioncaim chunga, laigí i mbainistiú na hinfheistíochta poiblí, bearnaí sa rialachas fioscach agus fiachas poiblí measartha go fiachas poiblí ard i gcásanna áirithe.

Cé go raibh roinnt feabhsuithe i margadh an tsaothair i bhformhór gheilleagair an mhéadaithe, agus an dífhostaíocht ag titim agus rátaí fostaíochta ag ardú in 2024, d'fhan rátaí rannpháirtíochta íseal go ginearálta agus bhí an dífhostaíocht níos airde ná mar a bhí san Aontas, go háirithe i gcás na mban agus na ndaoine óga. Ní dhírítear go leordhóthanach le beartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair ar na grúpaí daonra is leochailí agus is dúshlán fós í an obair neamhdhearbhaíthe. Tá neamhréireanna struchtúracha scileanna fós ann mar gheall ar thearcinfheistíocht i gcaipiteal daonna agus i gcórais oideachais agus oiliúna tearcfhorbartha. Tá gá le feabhas leanúnach ar cháilíocht, ábharthacht agus cuimsitheacht an oideachais trí athchóirithe cuimsitheacha agus trí rannpháirtíocht na hóige a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin. Ní mór cóineasú eacnamaíoch a bheith fite fuaite le cóineasú sóisialta, bunaithe ar phrionsabail Chólún an Aontais maidir le Cearta Sóisialta agus *acquis* sóisialta an Aontais. Chun an méid sin a bhaint amach, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaidh tíortha uile an mhéadaithe dul chun cinn maidir le struchtúir agus institiúidí dea-fheidhmiúla an mhargaidh saothair a fhorbairt, mar aon le córais éifeachtacha cosanta sóisialta agus idirphlé sóisialta láidir.

Tá dúshlán roimh gach ceann de na deich dtír de chuid an mhéadaithe maidir le dlús a chur le hathchóirithe struchtúracha chun fás inbhuanaithe a chumasú sa mheántéarma agus chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis na critéir eacnamaíocha do bhallraíocht san Aontas a chomhlíonadh. Baineann an méid sin le feidhmiú geilleagar margaidh a áirithiú agus an acmhainneacht déileáil le brú iomaíochta agus le fórsaí margaidh san Aontas a léiriú. Le beartais eacnamaíocha ba cheart tacú freisin le spriocanna uailmhianacha faoin aistriú glas agus faoin aistriú digiteach. Ní mór do thíortha an mhéadaithe aird phráinneach a thabhairt ar bheartais dícharbónaithe agus athléimneachta. Tacaíonn an tAontas le hiarrachtaí athchóirithe na dtíortha trí na Pleananna Fáis do na Balcáin Thiar⁸ agus don Mholdóiv⁹, trí Phlean na hÚcráine¹⁰ agus trí dhian-idirphlé beartais agus trí mholtaí a comhaontaíodh go comhpháirteach san Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais bunaithe, *inter alia*, ar na Cláir Athchóirithe Eacnamaíocha.¹¹

III.3. CÓINEASÚ EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA, IOMAÍOCHAS AGUS LÁNPHÁIRTIÚ DE RÉIR A CHÉILE

Tá neartú na nasc eacnamaíoch idir an tAontas agus tíortha an mhéadaithe ríthábhachtach d'fhorbairt shocheacnamaíoch agus d'iomaíochas na dtíortha comhpháirtíochta agus an Aontais araon. Tá an creat agus na hionstraimí curtha i bhfeidhm ag an Aontas chun **dlús a chur leis an gcóineasú eacnamaíoch agus sóisialta idir tíortha an mhéadaithe agus na Ballstáit** roimh an méadú. Leis an infheistíocht agus na hathchóirithe sna Pleananna Fáis le haghaidh na mBalcáin Thiar agus na Moldóive agus leis an tSaoráid don Úcráin, tacaítear le tíortha an mhéadaithe agus ullmhaítear iad le haghaidh ballraíochta. Comhlánaítear na hionstraimí sin leis an bhféidearthacht dá bhforáiltear sna comhaontuithe comhlachais agus i gcomhaontuithe earnálacha éagsúla maidir le **tíortha is iarrthóirí a lánpháirtiú níos mó de réir a chéile** i mbeartais roghnaithe de chuid an Aontais agus i dtionscnaimh shuaitheanta

⁸ COM (2023) 691 final

⁹ COM (2024) 470 final

¹⁰ Rialachán (AE) 2024/792

¹¹ Mar gheall ar chúlú ar na bunphrionsabail, níor iarradh ar an tSeoirsia freastal ar Idirphlé Eacnamaíoch agus Airgeadais 2025.

ábhartha de chuid an Aontais, rud a chuideoidh leo *acquis* an Aontais a chur chun feidhme, lánpháirtiú de réir a chéile i gcodanna den mhargadh aonair agus an t-aistriú chuig ballraíocht san Aontas a dhéanamh níos éasca. Ach gné an mhéadaithe a léiriú go córasach i dtionscnaimh de chuid an Aontais atá ar na bacáin, éascófar aontachas na mBallstát a bheidh ann amach anseo.

Na hionstraimí airgeadais a thacaíonn leis an gcóineasú socheacnamaíoch

Chun a **thacaíocht d'athchóirithe** i dtíortha an mhéadaithe a neartú, tá an tAontas ag bogadh i dtreo **ionstraimí atá dírithe ar thorthaí** amhail iasachtaí atá bunaithe ar bheartais agus maoiniú atá bunaithe ar thorthaí. Leis sin, dírithe ar thorthaí nithiúla a bhaint amach seachas costais a aisíoc, rud a fhágann go mbeidh tionchar níos mó ag tacaíocht airgeadais an Aontais agus go mbeidh sí ailínithe go straitéiseach le príomhthosaíochtaí an athchóirithe.

Leis na **Saoráidí Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar¹² agus don Mholdóiv¹³**, chomh maith leis an **tSaoráid don Úcráin**, cuirtear tacaíocht ar fáil trí Phleananna agus Clár Oibre don Athchóiriú struchtúrtha, faoina bhfuil eisíocaíocht na gcistí ceangailte le dul chun cinn intomhaiste maidir le hathchóirithe. Trí luach saothair a thabhairt mar gheall ar dhul chun cinn agus tríd an gcuntasacht a threisiú, cuidíonn an tAontas le comhpháirtithe athchóirithe sa rialachas, sa gheilleagar agus sa smacht reachta a chur chun cinn, agus ailíniú níos dlúithe á dhéanamh le caighdeáin agus luachanna an Aontais. Leis na hionstraimí spriocdhírithe sin, treisítear ár dtiomantas comhroinnte don fhás inbhuanaithe, don chobhsaíocht agus do bhallraíocht san Aontas faoi dheireadh. Tá na pleananna nua athchóirithe agus fáis agus na Saoráidí gaolmhara atá á gcur chun feidhme cheana féin ina **léiriú soiléir eile ar thacaíocht agus tiomantas daingean an Aontais**, rud a chothaíonn cóineasú eacnamaíoch roimh an aontachas. Tháinig roinnt torthaí cheana féin as na chéad tréimhsí cur chun feidhme maidir le dlús a chur le hathchóirithe. Ní mór do thíortha an mhéadaithe an móiminteam atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun agus a n-iarachtaí a dhúbailt, chun tairbhí níos nithiúla fós a thabhairt dá saoránaigh.

Is í an **tSaoráid don Úcráin** príomhionstraim thacaíocht an Aontais don Úcráin. Nascann sé tacaíocht airgeadais le clár oibre uailmhianach don athchóiriú lena gcuirfeadh leis an bhfás arb é is aidhm dó claochlú struchtúrach a éascú agus tacú le conair aontachais na hÚcráine i dtreo an Aontais ag an am céanna. Tá a cuspóirí á mbaint amach ag an tSaoráid don Úcráin chun tacú le riachtanais mhaoiniúcháin agus atógáil na hÚcráine, chun infheistíochtaí a shlógadh, chun feabhas a chur ar an tacaíocht do shochaí na hÚcráine agus chun na hathchóirithe is gá le haghaidh aontachais leis an Aontas a chur chun cinn. Ón 1 Deireadh Fómhair, tá EUR 31.3 billiún caite ag an tSaoráid, agus as sin eisíocadh EUR 22.7 billiún go díreach leis an Stát faoi Chólún I den tSaoráid, i bhfoirm tacaíocht bhuiséadach.

Leagtar amach i **bPlean na hÚcráine**, faoin gcéad cholún den tSaoráid don Úcráin, an straitéis athchóirithe agus infheistíochta don tír ó 2024 go 2027, lena gcuirtear téarnamh eacnamaíoch, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine chun cinn agus, ag an am céanna, lena gcothaítear ailíniú le *acquis* an Aontais. Áirítear leis na céimeanna nithiúla a leagtar amach sa Phlean raon beart fíor-riachtanach chun an Úcráin a thabhairt níos gaire do *acquis* an Aontais sa ghearrthéarma, lena n-áirítear reachtaíocht a ghlacadh lena gcuirtear cur chun feidhme *acquis* an Aontais chun cinn, moltaí an Aontais a chur chun feidhme, agus caighdeáin an Aontais a ghlacadh ar fud earnálacha éagsúla. I bhfianaise na ndúshlán a bhaineann le cogadh foghach na Rúise, leasáidh Plean na hÚcráine de bheagán i mí Dheireadh Fómhair 2025 chun roinnt céimeanna a shoiléiriú agus chun spriocdhátaí cur chun

¹² Rialachán (AE) 2024/1449

¹³ Rialachán (AE) 2025/535

feidhme áirithe a mhodhnú, agus gealltanais fhoriomlána na hÚcráine á gcoinneáil gan athrú san am céanna. Ón 28 Deireadh Fómhair 2025, comhlíonadh 44 céim athchóirithe mar a bheartaítear faoi Phlean na hÚcráine, lena leagtar síos an bealach do théarnamh fadtéarmach na hÚcráine, lena gcuirtear dlús le dul chun cinn na hÚcráine i dtreo an aontachais, agus lena gcuidítear le hinstiúidí na hÚcráine a thabhairt i gcomhréir le caighdeáin an Aontais. Cuidíonn 11 de na céimeanna a tugadh i gcrích freisin leis an Úcráin a ailíniú le *acquis* an Aontais. Áirítear ar na hathchóirithe suntasacha acmhainneacht mhéadaithe chun an t-éilliú a chomhrac, feabhas a chur ar chaighdeáin rialachais chorparáidigh, slándáil eacnamaíoch, an comhrac i gcoinne na himghabhála cánach agus plean náisiúnta fuinnimh agus an dlí aeráide a ghlacadh, agus tá roinnt céimeanna maidir le hathchóirithe, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an gcóras breithiúnach, fós ar feitheamh.

Is é is aidhm don **Phlean Fáis don Mholdóiv**, a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024, borradh a chur faoin gcóineasú socheacnamaíoch leis an Aontas agus tacú leis an bpróiseas aontachais, bunaithe ar chur chun feidhme athchóirithe a bhaineann leis an Aontas. Tá an Plean bunaithe ar thrí cholún lena gcuirfear dlús le hathchóirithe socheacnamaíocha agus bunúsacha, lena bhfeabhsófar rochtain ar mhargadh aonair an Aontais agus lena méadófar cúnamh airgeadais trí **Shaoráid thiomnaithe Athchóirithe agus Fáis don Mholdóiv**. Gheall an tAontas pacáiste suntasach tacaíochta EUR 1,9 billiún don tréimhse 2025-2027 tríd an tSaoráid a glacadh i mí an Mhárta 2025. Ghlac an Mholdóiv an Clár Oibre don Athchóiriú, ina bhfuil 153 athchóiriú, an 7 Bealtaine, agus síníodh an Comhaontú Saoráide agus an Comhaontú Iasachta ina dhiaidh sin. Tacóidh cur chun feidhme na hionstraime seo le nuachóiriú na Moldóive agus lena haistriú chuig Ballstát rathúil amach anseo. Is é EUR 294 milliún atá sa réamh-mhaoiniú, agus eisíocadh EUR 270 milliún de sin in iasachtaí an 11 Meitheamh agus EUR 24,3 milliún i ndeontais lena dtacófar le tionscadail infheistíochta arna bhformheas faoi Ardán Infheistíochta an Bheartais Comharsanachta ag céim níos déanaí. Eisíocadh an chéad tráinse d'iasachtaí EUR 18,9 milliún an 2 Meán Fómhair 2025, tar éis don Mholdóiv a céad chéimeanna athchóirithe a chur isteach. Le chéile, cumasófar agus dreasófar leis an bPlean agus leis an tSaoráid na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí is gá chun dlús a chur leis an bpróiseas aontachais agus cuirfidh siad fás inbhuanaithe agus dícharbónú gheilleagar na Moldóive chun cinn freisin ar mhaithe lena muintir.

Mar chuid den **Phlean Fáis do na Balcáin Thiar** áirítear **Saoráid Athchóirithe agus Fáis thiomnaithe** dar luach EUR 6 bhilliún, arb é is aidhm di borradh a chur faoi chóineasú socheacnamaíoch gheilleagair na dtairbhíthe leis an Aontas agus dlús a chur le lánpháirtiú eacnamaíoch réigiúnach agus lánpháirtiú forásach sa Mhargadh Aonair. Tugann an tSaoráid luach saothair do na Balcáin Thiar as dul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir oibre comhaontaithe don athchóiriú a chur chun feidhme agus tacaíonn sí le hinfheistíochtaí tábhachtacha i réimsí tosaíochta trí Chreat Infheistíochta na mBalcán Thiar. Eisíodh cistí suntasacha faoin gcéad dá bhabhta tuairiscithe den tSaoráid, rud a léiríonn go bhfuil torthaí á mbaint amach ar an láthair ag a cur chuige nuálach feidhmíocht-bhunaithe. Mar sin féin, ní mór do na tairbhíthe leanúint de na hiarrachtaí chun na céimeanna athchóirithe atá fágtha a thabhairt chun críche chun tairbhe iomlán a bhaint as an ionstraim sin.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh lena bhformheastar cúig **Chlár Oibre don Athchóiriú**. Cuireadh tús le cur chun feidhme na n-athchóirithe gaolmhara in 2025, agus eisíocadh cuid den réamh-mhaoiniú leis an Albáin, le Montainéagró, leis an Macadóin Thuaidh agus leis an tSeirbia. I mí Iúil 2025, ghlac an Coimisiún dhá chinneadh chun cistí a scaoileadh chuig Montainéagró agus chuig an Macadóin Thuaidh bunaithe ar an gcéad bhabhta de choinníollacha íocaíochta a comhlíonadh faoi mhí an Mhárta 2025. I mí Dheireadh Fómhair 2025, d'údaraigh an Coimisiún eisíocaíocht bhreise cistí leis an Albáin, le

Montainéagró agus leis an Macadóin Thuaidh faoin dara babhta de choinníollacha íocaíochta, mar aitheantas ar dhul chun cinn suntasach maidir le hathchóiriú agus ar chomhlíonadh 30 coinníoll de chuid an Chláir Oibre don Athchóiriú. I bhfianaise na moille tosaigh maidir lena Chlár Oibre don Athchóiriú a ghlacadh, i mí Iúil 2025, bhí ar an gCoimisiún leithdháileadh táscach na Boisia agus na Heirseagaivéine faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis a laghdú faoi 10 %. Chuir an Bhoisia agus an Heirseagaivéin an Clár Oibre don Athchóiriú isteach i mí Mheán Fómhair 2025 le haghaidh chomhaontú an Choimisiúin. Tá daingniú na gComhaontuithe Saoráide agus Iasachta ag an gCosaiv fós ar feitheamh, mar gheall ar an tsáinn pholaitiúil, agus dá bhrí sin cuireadh srian ar chur chun feidhme na gcéimeanna a comhaontaíodh i gClár Oibre na Cosaive don Athchóiriú.

Comhlánaíonn an tSaoráid an cúnamh do na Balcáin Thiar tríd an **Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais** (IPA III)¹⁴. Díritear san ionstraim ar fhothú acmhainneachta riaracháin agus institiúideach, chomh maith le Plean Eacnamaíoch agus Infheistíochta 2020 do na Balcáin Thiar a chur chun feidhme¹⁵, tionscnaimh faoin Straitéis Global Gateway a chur i bhfeidhm¹⁶, tacú leis an bhfás eacnamaíoch agus an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn.

Díritear i gclársceidealú IPA III le haghaidh na tréimhse 2025-2027 ar chur chuige atá dírithe ar bheartais. Tá sé sin ag teacht leis an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar, lena n-áirithítear go mbeidh tacaíocht dhéthaobhach an Aontais straitéiseach agus go mbeidh tionchar aici araon. Tá sé beartaithe le clár ilnáisiúnta IPA III cur chun feidhme an Phlean Fáis do na mBalcáin Thiar a chur chun cinn, rud a threiseoidh tiomantas an Aontais don réigiún sin. Ráthaítear leis an gcur chuige sin go n-oibreoidh gach tionscnamh i gcomhar le hiarrachtaí na dtíortha aonair, agus ar an gcaoi sin déanfar éifeachtacht agus raon feidhme thacaíochta an Aontais a uasmhéadú.

Lánpháirtiú de réir a chéile

¹⁴ Rialachán (AE) 2021/1529

¹⁵ COM (2020) 641 final

¹⁶ JOIN/2021/30 final

Féachann **lánpháirtiú luathaithe, nó de réir a chéile**, le roinnt de na tairbhí a bhaineann le haontachas leis an Aontas amach anseo a thabhairt isteach sa chéim réamhaontachais trí chead a thabhairt do thír is iarrthóir lánpháirtiú i réimsí sonracha de bheartas an Aontais, go háirithe codanna de Mhargadh Aonair an Aontais, a luaite a bheidh ailíniú reachtach agus an cumas *acquis* an Aontais a chur chun feidhme i bhfeidhm. Is spreagadh é sin chun ailíniú go luath le *acquis* an Aontais agus é a chur chun feidhme go luath. Is cruthúnas soiléir é an lánpháirtiú de réir a chéile go bhfuil an tAontas ag déanamh a chion féin trí thairiscintí a chur ar aghaidh do na tíortha comhpháirtíochta dlús a chur leis an lánpháirtiú leis an Aontas agus é a dhoimhniú, rud a réiteoidh an bealach don mhéadú. Ní féidir lánpháirtiú de réir a chéile a chur in ionad an mhéadaithe ach is uirlis é chun tacú leis. Dá bhrí sin, chun dul ar aghaidh leis an lánpháirtiú de réir a chéile, tá gá le fíorthiomantas inchreidte ó thíortha an mhéadaithe do leanúint ar aghaidh ar chonair an aontachais agus dul chun cinn a dhéanamh i réimsí atá tábhachtach do chuspóirí geostraitéiseacha an Aontais, amhail seasamh leis an smacht reachta agus leis an daonlathas agus, ar bhonn níos leithne, ailíniú le CBES, rud a fhágfaidh go mbeidh an próiseas aontachais níos dinimiciúla agus níos incriminteacha. Áireofar sna comhaontuithe lena ndeonaítear rochtain ar an margadh inmheánach do thíortha an mhéadaithe i gcomhthéacs a lánpháirtithe de réir a chéile creat láidir institiúideach chomh maith le coimirce dlíthiúla agus sásraí um réiteach díospóidí atá múnlaith ar chonarthaí an Aontais, lena n-áirítear sláine an mhargaidh inmheánaigh agus cur i bhfeidhm comhsheasmhach dhlí an Aontais.

A mhéid a bhaineann leis na Balcáin Thiar, is réamhchoinníoll é an obair atá geallta ag na sé chomhpháirtí i gcomhthéacs an Chómhargaidh Réigiúnaigh a chur chun cinn chun lánpháirtiú níos dlúithe a dhéanamh leis an margadh aonair, cé nach mbeidh aon chomhpháirtí sna Balcáin Thiar in ann bac a chur ar rochtain ar mhargadh aonair an Aontais d'aon cheann de na cúig cinn eile.

I gcás na hÚcráine agus na Moldóive, tá sé léirithe gur creataí dlíthiúla iontaofa solúbtha iad na Limistéir Dhoimhne Chuimsitheacha Saorthrádála agus, níos tábhachtaí fós, gur ionstraimí éifeachtacha iad chun a lánpháirtiú de réir a chéile a chothú. I gcás na mBalcán Thiar, le Plean Fáis 2023, cuireadh bealach ar fáil chun lánpháirtiú de réir a chéile a bhaint amach, ag cur leis na Comhaontuithe Cobhsaíochta agus Comhlachais.

Bhain an Mholdóiv, an Úcráin agus comhpháirtithe na mBalcán Thiar tairbhe as lánpháirtiú de réir a chéile, agus is bliain ríthábhachtach é 2025 i roinnt réimsí. Is spreagthóir don ailíniú le *acquis* an Aontais é lánpháirtiú de réir a chéile, agus tá torthaí le feiceáil cheana féin i réimsí na **teileachumarsáide (fánaíocht), na n-íocaíochtaí, na baincéireachta** agus na reachtaíochta frithsciúrtha airgid (Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro, SEPA), **custam, fuinneamh agus earraí tionsclaíocha**. I measc na réimsí eile den lánpháirtiú de réir a chéile tá talmhaíocht, seirbhísí iontaoibhe, spás, cúram sláinte, iompar agus cosaint. Leanfar den obair sna réimsí sin go léir.

Rinneadh bearta suntasacha chun comhpháirtithe an mhéadaithe a lánpháirtiú i limistéar **‘Fánaíocht ar tháillí baile’ an Aontais**. In 2025, ghlac an Chomhairle na cinntí lena dtabharfar rochtain fhrithpháirteach ar fhánaíocht don Úcráin agus don Mholdóiv ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh. Rachaidh sé sin chun tairbhe do dhaoine, lena n-áirítear Úcránaigh easáitithe, trína chur ar a gcumas fanacht nasctha thar teorainneacha gan aon chostas breise. Lean na Balcáin Thiar de Chomhaontú Fánaíochta Réigiúnach 2019 agus den chomhaontú deonach ó phríomhoibreoirí teileachumarsáide a chur chun feidhme chun táillí fánaíochta sonraí leis an Aontas a laghdú, comhaontú a tháinig i bhfeidhm an 1 Deireadh Fómhair 2023. Ag an am céanna, tá an Coimisiún i dteagmháil leis na hoibreoirí agus ag ullmhú chun sé chomhaontú dhéthaobhacha a mholadh chun an limistéar ‘Fánaíocht ar tháillí baile’ a leathnú

chuig comhpháirtithe na mBalcán Thiar, chun sochair inchomparáide a dheonú dóibh agus chun oibleagáidí inchomparáide a fhorchur leo siúd a thugtar don Úcráin agus don Mholdóiv.

Maidir le **seirbhísí íocaíochta**, garsprioc mhór ab ea Montainéagró, an Albáin, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv agus an tSeirbia a áireamh i raon feidhme geografach scéimeanna an Limistéir Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)¹⁷. Cuireann sé sin ar chumas a n-institiúidí airgeadais páirt a ghlacadh i scéimeanna íocaíochta SEPA, rud a dhéanann aistrithe Euro níos éasca agus a réitíonn an bealach le haghaidh costais laghdaithe agus amanna próiseála laghdaithe. Chun dul isteach in SEPA, bhí ar thíortha ailíniú le príomhrialacha airgeadais an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac, agus ar an gcaoi sin sláine agus slándáil a gcóras airgeadais a neartú agus a bpróiseas aontachais a chur chun cinn ag an am céanna. Agus próiseas iarratais na Cosaive ar siúl, tá an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin agus an Úcráin ag obair ar a n-iarratas.

Cuid rithábhachtach eile den lánpháirtíú de réir a chéile is ea **an comhar custaim**, lena n-áirítear maidir le rialú agus éascú custaim. Leis an Moldóiv, tá creat um aitheantas frithpháirteach le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaráithe (OEÚ) i bhfeidhm ó bhí 2022 ann. Tá obair ar siúl ar chomhaontú comhchosúil leis an Úcráin. Rinneadh dul chun cinn maith chun Prótacal Breise 5 a ghabhann le Comhaontú CEFTA a chur chun feidhme lena mbeartaítear aitheantas frithpháirteach a thabhairt do chlár OEÚ pháirtithe CEFTA, lena leagtar síos an bonn le haghaidh creat um aitheantas frithpháirteach leis an Aontas. Tá an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an tSeoirsia agus an Úcráin tar éis dul isteach sa Choinbhinsiún maidir le nós imeachta comhchoiteann um earraí faoi bhealach, comhaontú rithábhachtach eile lena gcuirtear dlús le gluaiseacht trasteorann earraí. Iarradh ar an Moldóiv agus ar Mhontainéagró páirt a ghlacadh sa Choinbhinsiún an 1 Samhain 2025, agus tá dlús á chur ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin agus ag an Albáin lena n-ullmhúcháin. Tá tairbhí suntasacha ag baint leis na tionscnaimh sin, amhail seiceálacha custaim laghdaithe agus amanna imréitigh níos tapúla, agus ag an am céanna neartaíonn siad cumas na dtíortha sreabha trádála aindleathacha a chosc agus a bhrath. Ní mór do thíortha an mhéadaithe a áirithiú go mbeidh a gcórais dhigiteacha ailínithe le *acquis* custaim dhigitigh an Aontais tráth an aontachais, rud atá rithábhachtach d'idirghabhálaithe airgeadais agus do shlándáil an Aontais. Ba cheart an comhar idir an tAontas agus tíortha is iarrthóirí i réimse an chánachais a neartú freisin roimh an aontachas chun tíortha is iarrthóirí a ullmhú le dul isteach i margadh aonair an Aontais.

Tá obair ar siúl chun comhpháirtithe an mhéadaithe a lánpháirtíú i **slabhraí soláthair tionsclaíocha an Aontais**. Tá comhaontuithe maidir le measúnú comhréireachta agus glacadh le táirgí tionsclaíocha faoi lán seoil leis an Úcráin, leis an Moldóiv agus leis an tSeirbia, agus meastar go gcuirfear chun feidhme iad san Úcráin in 2026. Ag an am céanna, tá creat molta ag an gCoimisiún chun lánpháirtíú de réir a chéile na mBalcán Thiar, na hÚcráine agus na Moldóive in earnálacha straitéiseacha tionsclaíocha a mhéadú, d'fhonn lánpháirtíú a dtionscal i slabhraí luacha Eorpacha a éascú sula ndéanfar aontachas iomlán leis an Aontas. Is féidir ról mór a bheith ag tíortha an mhéadaithe sna hiarrachtaí dícharbónaithe trí dhlús a chur leis an aistriú chuig fuinneamh in-athnuaite, ciorclaíocht agus trí thacú le slabhraí luacha le haghaidh teicneolaíochtaí glana agus amhábhair chriticiúla

¹⁷ Cumhdaítear an Albáin, Montainéagró, an Mhacadóin Thuaidh, an Mholdóiv agus an tSeirbia faoi raon feidhme geografach SEPA, agus chuaigh bainc aonair na hAlbáine, Mhontainéagró, na Macadóine Thuaidh agus na Moldóive isteach i scéimeanna íocaíochta SEPA an 6 Deireadh Fómhair 2025. Tá bainc aonair na Seirbia ag obair chun páirt a ghlacadh i scéimeanna íocaíochta faoi mhí na Bealtaine 2026.

Ar deireadh, maidir le **fuinneamh**, leantar de chomhpháirtithe uile an mhéadaithe a lánpháirtiú i margadh inmheánach fuinnimh an Aontais faoi chuimsiú an Chomhphobail Fuinnimh. Tá obair ar siúl chun margadh leictreachais na hÚcráine a lánpháirtiú i margadh an Aontais faoi 2027, i gcomhthráth leis an Moldóiv. Áirítear leis sin freisin lánpháirtiú breise i margadh gáis an Aontais. Táthar ag leanúint de mhargaí fuinnimh na mBalcán Thiar a lánpháirtiú san Aontas freisin.

III.4 COMHAR RÉIGIÚNACH AGUS DEA-CHAIÐREAMH COMHARSANACHTA

Sna Balcáin Thiar, is eilimintí sár-riachtanacha den phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus den phróiseas um méadú iad **an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach**. Tá sé fós ríthábhachtach oidhreacht an ama atá caite a shárú agus aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a eascraíonn as coinbhleachtaí na 1990í. Ní mór saincheistanna déthaobhacha tábhachtacha atá fós gan réiteach a réiteach, lena n-áirítear saincheistanna teorann, ceartas a thabhairt d'íospartaigh coireanna cogaidh, daoine atá fós ar iarraidh a shainaitheint, agus taifead cruinn a bhunú ar ainghníomhartha a rinneadh roimhe seo ar an leibhéal réigiúnach. Agus castacht an athmhuintearais á haithint aige, tá an tAontas, trína ionstraimí agus trína bheartais éagsúla, réidh i gcónaí chun tacú leis na hiarrachtaí uile agus iad a éascú.

Tá tionchar diúltach fós ag **saincheistanna déthaobhacha** ar phróiseas aontachais thíortha an mhéadaithe agus tá siad ag cur bac ar an lánpháirtiú réigiúnach. Leis an gcreat um méadú, cumasaítear timpeallacht pholaitiúil fhoriomlán atá fabhrach chun aghaidh a thabhairt de mheon macánta ar shaincheistanna déthaobhacha atá fós gan réiteach agus chun teacht ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach, a d'fhéadfadh an Coimisiún a éascú.

Tá sé d'uaimhian ag réigiún na mBalcán Thiar **Cómhargadh Réigiúnach** a chruthú arb é is aidhm dó saorghluaiseacht daoine, seirbhísí, earraí agus caipitil a áirithiú. Leis sin éascófar fostaíocht agus trádáil mar aon le nósanna imeachta custaim idir na comhpháirtithe. Is iad an **Chomhairle um Chomhar Réigiúnach** agus Comhaontú Saorthrádála Lár na hEorpa i gcomhpháirtíocht le Fóram Infheistíochta Comhlachais Tráchtála na Sé Thír sna Balcáin Thiar, a chomhordaíonn an obair sin ar fhorbairt an Chómhargaidh Réigiúnaigh, ar mhaithe le rannpháirtíocht fheabhsaithe leis an earnáil phríobháideach.

Tá dul chun cinn déanta maidir leis an bplean gníomhaíochta um Chómhargadh Réigiúnach a chur chun feidhme, le glacadh cúig chomhaontú soghluaisteachta le 3 bliana anuas, a bhaineann le Doiciméid Aitheantais Taistil, aitheantas do cháilíochtaí gairmiúla agus acadúla, agus rochtain ar ardoideachas. Chun deacrachtaí seanbhunaithe a shárú, rinne Comhchoiste CEFTA roinnt cinntí substaintiúla i mí Dheireadh Fómhair 2024, rud a chuir leis na tairbhí a d'fhéadfadh eascairt as an gCómhargadh Réigiúnach.

Bhí **nascacht réigiúnach** fós ina tosaíocht ar an gclár oibre trí chomhar i réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na dteicneolaíochtaí digiteacha. Lean an Chomhphobal **Iompair** de bheith ag cur ailíniú rialála agus lánpháirtiú réigiúnach chun cinn, agus éascú iompair á chur chun cinn ag an am céanna trí thionscnamh na Lánaí Glasa. Mar chuid de na hiarrachtaí sin, tá cur chun feidhme na dtreochlár maidir leis an 11 phointe trasnaithe is gnóthaí, mar a comhaontaíodh ag an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar i mí na Nollag 2024, faoi lánseol. Tá gealltanais tugtha ag an gCoimisiún Eorpach tacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhonneagair tríd an gClár maidir le hIompar Sábháilte Inbhuanaithe, cuirfidh sé tacaíocht theicniúil ar fáil chun staidéir theicniúla a ullmhú le haghaidh na n-infheistíochtaí, agus tá plé déthaobhach á éascú aige le comharsana an Aontais maidir le nósanna imeachta a chomhchuíbhiú. Leanann na Lánaí

Glúthpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin de bhealaí lóistíochta a chur ar fáil le haghaidh sreabha trádála criticiúla idir an Úcráin, an Mholdóiv, an tAontas agus an chuid eile den domhan.

Sa **réimse digiteach**, seachas ailíniú a dhéanamh le *acquis* an Aontais agus bonneagar láidir, cobhsaí agus slán a chur in úsáid (i gcomhréir le Bosca Uirlisí Cibearshlándála 5G an Aontais, agus creataí cuimsitheacha cibear-athléimneachta), tá sé rithabhachtach freisin do na Balcáin Thiar creataí céannachta digití agus seirbhísí poiblí digiteacha a fhorbairt. Tá an réigiún tiomanta do thiachóga céannachta digití náisiúnta a chruthú agus ina dhiaidh sin do ‘thiachóg céannachta digití Balcánaigh’ réigiúnach a chruthú faoi dheireadh 2027. Tá iarratas déanta ag breis agus 300 bardas ar WiFi le haghaidh na mBalcán Thiar, agus suiteálfar na chéad bhaill the le linn 2025. Tá an Coimisiún ag tacú freisin le seacht Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha sa réigiún, rud ba cheart a bheith ina chuidiú chun an bhearna scileanna i dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, a dhúnadh, agus tá níos mó mol le cistiú ó ghlaio leanúnach ar thograí.

Comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana, lena n-áirítear Comhaontú Prespa idir an Ghréig agus an Mhacadóin Thuaidh agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar idir an Bhulgáir agus an Mhacadóin Thuaidh, ní mór do na comhpháirtithe uile iad a chur chun feidhme de mheon macánta.

I gcás **na Cosaive** agus **na Seirbia** araon, tá an dul chun cinn ar a gconair faoi seach i dtreo an Aontais fós ag brath ar dhul chun cinn fóinteach i **normalú** a gcaidrimh. Chuir réamhghairmeacha polaitiúla intíre ar an dá thaobh bac ar chéimeanna cinntitheacha i dtreo Chomhaontú 2023 maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus an iarscríbhinn a ghabhann leis a chur chun feidhme. In éagmais rannpháirtíocht chuiditheach, tá an baol ann go gcaillfidh an dá pháirtí deiseanna móra. Is ceanglas é freisin dul chun cinn a dhéanamh maidir le normalú an chaidrimh faoin tSaoráid Athchóirithe agus Fáis do na Balcáin Thiar.

Tá **an Úcráin** tar éis a rannpháirtíocht taidhleoireachta a dhoimhniú go straitéiseach chun an caidreamh lena comharsana a neartú, go háirithe le Ballstáit an Aontais. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise, tá comharsana na hÚcráine san Aontas go háirithe, agus roinnt tíortha is iarrthóirí, tar éis tacú leis an Úcráin trí chúnamh polaitiúil, daonnúil, eacnamaíoch, teicniúil agus cosanta. Léirítear tiomantas na hÚcráine don chobhsaíocht agus don lánpháirtíú réigiúnach trína rannpháirtíocht ghníomhach i bhformáidí réigiúnacha éagsúla, e.g. Comhpháirtíocht an Oirthir, Tionscnamh na hEorpa Láir, an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip, Eagraíocht na Mara Duibhe um Chomhar Eacnamaíochta, an Eagraíocht um Dhaonlathas agus um Fhorbairt Eacnamaíoch, agus an Chomhairle um Chomhar Réigiúnach.

Coinníonn **an Mholdóiv** dea-chaidreamh ar bun lena comharsana agus le tíortha is iarrthóirí eile trí thionscnaimh dhéthaobhacha, thríthaobhacha agus réigiúnacha. Déantar malartuithe tráthrialta leis an Úcráin agus le tíortha na mBalcán Thiar faoin bpróiseas aontachais. I gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá comhar láidir feabhsaithe ag an Moldóiv leis an Úcráin agus leis an Rómáin, lena n-áirítear i bhformáidí tríthaobhacha, go háirithe maidir le slándáil fuinnimh, iompar agus nascacht ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal ard araon. Tá rialtas na Moldóive ailínithe go comhsheasmhach le ráitis idirnáisiúnta ina gcáinte fogha míleata na Rúise agus léirigh sé dlúthpháirtíocht leis an Úcráin.

Leanadh den ath-rannpháirtíocht idir an **Tuirc** agus an Ghréig. Níor ghlac an Tuirc páirt in aon ghníomhaíocht druileála neamhúdairithe sa Mheánmhuir Thoir ná in aon eitilt thar oileáin na Gréige sa Mhuir Aeigéach le linn na tréimhse tuairiscithe, ach tuairiscíodh sárúithe

ar aerspás agus rialacháin tráchtá na Gréige. Leanadh de sháruihte ar uiscí teorann na Gréige a thuairisciú le méadú suntasach ar theagmhais i gcomparáid leis an tréimhse tuairiscithe roimhe sin. Lean an tsaincheist gan réiteach maidir leis an scairbh ilchríochach agus na limistéir eacnamaíocha eisiacha de bhrú a chur ar an gcaidreamh déthaobhach, ach lean an t-idirphlé ar aghaidh.

I mí na Nollag 2024, chuir an Chomhairle¹⁸ i bhfios go láidir arís go measann an tAontas go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis na **cainteanna maidir le réiteach sa Chipir** a atosú agus dul chun cinn a dhéanamh iontu chun feabhas níos mó a chur ar an gcomhar idir an tAontas agus an Tuirc. Sa tréimhse tuairiscithe, ní dhearna an Tuirc dul chun cinn i dtreo a caidreamh le Poblacht na Cipire a normalú agus níor chomhlíon sí a hoibleagáid maidir leis an bPrótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc a chur chun feidhme ina iomláine. Lean an Tuirc de dhiúltú do shamhail na cónaidhme déchriosáí déphobail atá bunaithe ar rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus lean sí de réiteach dhá stát a mholadh. An tráth céanna, ghlac an Tuirc páirt sa dá chruinniú neamhfhoirmiúla cúig pháirtí a tionóladh faoi choimirce Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe. Chuir iarrthóir an fhreasúra a bhí ag buachan na dtoghchán chun pobal Turcach na Cipire a stiúradh i mí Dheireadh Fómhair 2025 in iúl go raibh siad réidh le haghaidh cainteanna foirmiúla maidir le réiteach. I mí na Nollag 2024, ba dhíol sásaimh don Aontas na céimeanna a ghlac Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe chun tús a chur an athuair le cainteanna maidir le réiteach, mar aon le hathcheapadh Thoscaire Pearsanta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCipir i mí na Bealtaine 2025. I mí na Bealtaine 2025, cheap an Coimisiún Eorpach Toscaire Speisialta don Chipir. Dhearbhaigh an tAontas, le déanaí sna conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 agus sna Conclúidí ón gComhairle i mí na Nollag 2024¹⁹, go bhfuil sé réidh chun ról gníomhach a bheith aige maidir le tacú le gach céim den phróiseas faoi stiúir na Náisiún Aontaithe, ag baint leas as na modhanna iomchuí uile atá ar fáil dó. Tá sé ríthábhachtach anois go dtabharfaidh an Tuirc gealltanas agus go rannchuideoidh sí go gníomhach le réiteach cothrom, cuimsitheach agus inmharthana a bhaint amach ar shaincheist na Cipire laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe, ar bhonn cónaidhm dhéphobail dhéchríosach le comhionannas polaitiúil, agus i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus i gcomhréir le *acquis* an Aontais agus leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas bunaithe.

Go ginearálta, coinníonn **an tSeoirsia** dea-chaidreamh déthaobhach ar bun lena comharsana agus le tíortha eile an mhéadaithe. Tá comhpháirtíocht straitéiseach idir an tSeoirsia agus an Tuirc, agus teagmhálacha ardleibhéil eatarthu, lena n-áirítear comhpháirtíocht faoi chuimsiú Comhairle um Chomhar Straitéiseach Ardleibhéil. Cé go dtacaíonn an tSeoirsia le hiomláine chríochach agus ceannasacht na hÚcráine, tá ábhair inní curtha in iúl ag an Úcráin nach bhfuil an tSeoirsia ag ailíniú le smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise agus faoin easpa comhair mhíleata-teicniúil. Go traidisiúnta, tá dea-chaidreamh déthaobhach ag an tSeoirsia agus ag an Moldóiv.

Le cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, tá éagobhsaíocht nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo tagtha chuig réigiún na Mara Duibhe, rud a léiríonn an gá atá le rannpháirtíocht réamhbhreathnaitheach. I mí na Bealtaine 2025, chuir an tAontas a chur chuige straitéiseach maidir le **réigiún na Mara Duibhe**²⁰ chun cinn, arb é is aidhm dó borradh a chur faoin nascacht agus faoin bhfás tríd an Eoraip a nascadh le Cugas Theas agus leis an Áise Láir. Neartóidh an straitéis ról geopholaitiúil an Aontais mar ghníomhaí iontaofa

¹⁸ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16983-2024-INIT/ga/pdf>

¹⁹ <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16983-2024-INIT/ga/pdf>

²⁰ [JOIN \(2025\) 135 final](#)

i réigiún na Mara Duibhe. Féachann an straitéis le tairbhí nithiúla a thabhairt do chomhpháirtithe na Mara Duibhe (an Úcráin, an Mholdóiv, an tSeoirsia, an Tuirc, an Airméin agus an Asarbaiseáin) agus don Aontas trí infheistíocht a dhéanamh i bpríomh-chomhpháirtíochtaí a théann chun tairbhe don dá thaobh agus trí chomhar réigiúnach maidir le nascacht a thabhairt chun cinn. Tá an comhar a bheidh ann amach anseo le réigiún na Mara Duibhe leagtha amach faoi thrí cholún: (i) slándáil, cobhsaíocht agus athléimneacht a fheabhsú; (ii) fás inbhuanaithe agus rathúnas a chothú; agus (iii) cosaint an chomhshaoil, athléimneacht agus ullmhacht i leith an athraithe aeráide, agus cosaint shibhialta a chur chun cinn.

IV. FAISNÉIS AGUS RANPHÁIRTÍOCHT AN PHOBAIL

Is tionscadal uile-shochaí é dul isteach san Aontas, ós rud é gur rogha é do shamhail shochoíoch atá bunaithe ar chearta bunúsacha agus ar luachanna daonlathacha nach mór do gach tír glacadh go gníomhach leis agus todhchaí na tíre á chinneadh aici. Ní hamháin gur leis an rialtas an tionscadal, ach ní mór é a bheith faoi úinéireacht an fhreasúra, na saoránach, na sochaí sibhialta agus na bpobal áitiúil freisin. Chun go bhfiorófar an rogha sin, ní mór dlisteanacht dhaonlathach agus comhdhearcadh leathan polaitiúil agus sochoíoch a bheith mar thaca léi. Tá gá leis sin chun tacaíocht an phobail a áirithiú i dtíortha an mhéadaithe agus san Aontas araon agus ní mór é a léiriú i rannpháirtíocht ceannaireachta tíre lena saoránaigh. Tá sé ríthábhachtach idirphlé duine le duine a chothú tríd an gcultúr, an óige agus an spórt chun comhthuiscint agus muinín fhrithpháirteach a bhaint amach.

Léiríodh sa **Suirbhé speisialta Eorabharaiméadair is déanaí maidir le dearcthaí i leith mhéadú an Aontais** i measc shaoránaigh an Aontais go bhfuil tromlach shaoránaigh an Aontais (56 %) i bhfabhar méadú breise ar an Aontas. Ag an am céanna, ní bhraitheann ach saoránach amháin as gach triúr san Aontas (32 %) go bhfuil siad ar an eolas faoin bpróiseas um méadú, agus deir dhá thrian (67 %) nach bhfuil dóthain faisnéise acu. Tá gá le tuilleadh oibre ar fud an Aontais chun freagairt d'ábhair imní shaoránaigh an Aontais agus chun míniú a thabhairt ar na tairbhí a bhaineann le hAontas méadaithe. Tá tuairimí an phobail ar fud thíortha an mhéadaithe fós dearfach den chuid is mó. Is riachtanas straitéiseach é **cumarsáid éifeachtach**, chomh maith le cur i gcoinne ionramhála agus cur isteach eachtraigh ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis, ós rud é gur bagairtí slándála atá ag dul i méid iad don Aontas agus do thíortha an mhéadaithe araon. Tá freagracht ríthábhachtach ar Bhallstáit an Aontais agus ar thíortha an mhéadaithe araon a saoránaigh a chur ar an eolas agus a chumhachtú go gníomhach le faisnéis chruinn faoi phróiseas aontachais an Aontais. Tá soiléireacht tuillte ag an bpobal maidir leis an gcaoi a ndéantar cinntí faoi mhéadú, agus maidir leis an méid a dhéantar chun an tAontas a ullmhú go rathúil. Ní mór do na Ballstáit úinéireacht a ghlacadh ar na cinntí a dhéanann siad agus iad a mhíniú go hoscailte sa bhaile. Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an iarracht sin²¹ chun tacú le muinín an phobail as an bpróiseas a chothú agus chun cuidiú leis an méadú dul chun cinn a dhéanamh leis an dlisteanacht is gá.

V. CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ

I.

²¹ Cuirfidh an Coimisiún dlús lena chumarsáid straitéiseach agus seolfaidh sé feachtas tiomnaithe for-rochtana um méadú arb é is aidhm dó dul chun cinn insamhlaithe a dhéanamh d'athchóirithe, dul i ngleic leis an mbréagaisnéis, agus béim a leagan ar na tairbhí frithpháirteacha a bhaineann le hAontas níos mó agus níos láidre.

1. Is **infheistíocht gheostraitéiseach** í ballraíocht san Aontas in Eoraip atá láidir, cobhsaí, slán agus aontaithe agus atá bunaithe ar **luachanna daonlathacha coiteanna**. Is ar mhaithe le slándáil straitéiseach agus leas eacnamaíoch fadtéarmach an Aontais freisin é infheistíocht a dhéanamh sa mhéadú.
2. Is próiseas **dian, cothrom agus fiúntasbhunaithe é an méadú agus tá sé bunaithe ar an dul chun cinn oibiachtúil** atá bainte amach ag gach tír de chuid an mhéadaithe, agus fanfaidh sé amhlaidh. Chuige sin, tá gá le diongbháilteacht chun athchóirithe do-aisiompaithe a chur chun feidhme i ngach réimse de dhlí an Aontais, agus béim ar leith á leagan ar bhunphrionsabail an phróisis um mhéadú. Leanfaidh an daonlathas, an smacht reachta agus luachanna bunúsacha de bheith ina mbunchlocha de bheartas an Aontais um méadú. Ní mór do thíortha is iarrthóirí cloí le hathchóirithe diana marthanacha, agus iad a chur i gcrích, lena n-áiríteofar claochlú buan ar a ngeilleagair, ar a gcórais dhaonlathacha agus ar a sochaithe. Chuige sin, ní mór do thíortha an mhéadaithe glacadh leis an athrú ó bhonn, muinín a chothú agus comhdhearcadh tras-shochaí a dhaingniú. Ní mór aird leanúnach a thabhairt ar an gcomhrac i gcoinne an éillithe. Is rogha straitéiseach í ballraíocht san Aontas. Ní mór do chomhpháirtithe luachanna an Aontais a ghlacadh chucu féin agus a chur chun cinn go daingean agus go neamhbhalbh. Is comhartha níos suntasaí ná riamh é ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, lena n-áirítear le bearta sriantacha an Aontais, ar luachanna comhroinnte agus ar threoshuíomh straitéiseach sa chomhthéacs geopholaitiúil nua.
3. **Tá dul chun cinn suntasach déanta le bliain anuas.** Ós rud é go bhfuil dlús á chur leis an bpróiseas i gcás roinnt iarrthóirí, is féidearthacht réalaíoch é an méadú sna blianta amach romhainn. Bunaithe ar an obair a rinneadh le blianta beaga anuas, **is mithid anois gníomhaíochtaí nithiúla a dhéanamh** do thíortha an mhéadaithe agus don Aontas.
4. **Ní mór do thíortha an mhéadaithe dlús a chur lena n-iarrachtaí**, go háirithe iad siúd a chuir cuspóirí uaillmhianacha i láthair maidir le caibidlíocht aontachais a thabhairt chun críche.
5. Ó thaobh an **Aontais** de, tá sé ag tacú leis an obair sin leis na blianta anuas, trí bhíthin uirlisí éagsúla. Tá athbhreithniú déanta aige ar a mhodheolaíocht um méadú. Trí **lánpháirtíú de réir a chéile**, tugann sé an deis do thíortha an mhéadaithe dlús a chur lena lánpháirtíú san Aontas agus a dhoimhniú, agus torthaí nithiúla a bhaint amach dá saoránaigh. D'fhorbair sé creat saincheaptha le hionstraimí airgeadais tiomnaithe chun tacú leis an méadú, lena n-áirítear na pleananna fais do na Balcáin Thiar agus don Mholdóiv a glacadh le déanaí agus Plean na hÚcráine, lena saoraidí faoi seach. Chuir sé feabhas ar an gcomhar slándála agus cosanta le roinnt tíortha de chuid an mhéadaithe.
6. Tá ullmhúcháin á ndéanamh ag an Aontas anois chun **Aontas níos mó agus níos láidre** a bhaint amach.
 - a. Tá na **hathbhreithnithe beartais agus na hathchóirithe roimh mhéadú** á n-ullmhú ag an gCoimisiún, ina ndéantar measúnú ar thionchar an mhéadaithe ar phríomhréimsí beartais.
 - b. Leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh an chéad chreata airgeadais ilbhliantúil eile, soláthrófar, tríd an **Ionstraim nua um an Eoraip Dhomhanda**, an **tacaíocht airgeadais agus beartasbhunaithe is gá** chun cuidiú le tíortha is iarrthóirí agus le

hiarrthóirí ionchasacha dul chun cinn a dhéanamh **ar a gconair** i dtreo ballraíochta. Foráiltear leis an togra ón gCoimisiún, i gcás ina n-aontóidh Ballstáit nua don Aontas, go ndéanfar an creat airgeadais ilbhliantúil a athbhreithniú dá réir de bhun na gConarthaí Aontachais ábhartha, chun na ceanglais chaiteachais a thiocfadh as an aontachas sin leis an Aontas a chur san áireamh.

- c. Neartóidh an Coimisiún freisin a fhor-rochtain ar fud an Aontais agus sna tíortha is iarrthóirí araon chun plé a dhéanamh ar an méadú, ag féachaint ar na tairbhí a bhaineann le hAontas méadaithe ach freisin ar an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin. Is riachtanas straitéiseach é **cumarsáid** éifeachtach, chomh maith le cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear bréagaisnéis. Tá an Coimisiún agus an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí réidh chun tacú le hiarrachtaí na mBallstát muinín an phobail sa phróiseas a dhaingniú tuilleadh agus cuidiú leis an méadú bogadh ar aghaidh leis an dlisteanacht is gá.
 - d. Chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit nua dá gcuntas teiste maidir leis an smacht reachta, an daonlathas agus cearta bunúsacha a chosaint agus a choinneáil ar bun, measann an Coimisiún gur cheart coimircí níos láidre a bheith sna **Conarthaí Aontachais** a bheidh ann amach anseo i gcoinne cúlú ar ghealltanais a rinneadh le linn na caibidlíochta aontachais.
7. Sna Balcáin Thiar, is eilimintí sár-riachtanacha den phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais agus den phróiseas um méadú iad **an dea-chaidreamh comharsanachta agus an comhar réigiúnach**. Tá comhar réigiúnach agus tiomantas don chómhargadh réigiúnach ríthábhachtach freisin chun lánpháirtiú a dhéanamh de réir a chéile. Tá sé fós ríthábhachtach oidhreacht an ama atá caite a sháru agus aghaidh a thabhairt ar dhíospóidí a eascraíonn as coinbhleachtaí na 1990í. Ní mór saincheisteanna déthaobhacha atá fós gan réiteach, lena n-áirítear saincheisteanna comharbais, a réiteach, lena n-áirítear saincheisteanna teorann agus ceartas a thabhairt d'íospartaigh na coireachta cogaidh, daoine atá fós ar iarraidh a shainaithint, agus taifead cruinn a bhunú ar ainghníomhartha a rinneadh roimhe seo ar an leibhéal réigiúnach. Agus aitheantas á thabhairt aige do chastacht an athmhuintearais, tá an tAontas réidh - lena ionstraimí agus lena bheartais éagsúla - chun tacú leis na hiarrachtaí uile agus iad a éascú. Faoin Idirphlé arna éascú ag an Aontas, tá normalú an chaidrimh idir an Chosaiv agus an tSeirbia ríthábhachtach do chonair Eorpach an dá chomhpháirtí, a bhfuil baol ann go gcaillfidh siad deiseanna tábhachtacha in éagmais dul chun cinn.
8. Tá tionchar diúltach ag **saincheisteanna déthaobhacha** fós ar an bpróiseas aontachais agus cuireann siad bac ar lánpháirtiú réigiúnach chomhpháirtithe an mhéadaithe. Leis an gcreat um méadú, cumasaítear timpeallacht pholaitiúil fhoriomlán atá fabhrach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna déthaobhacha atá fós gan réiteach agus chun teacht ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach, agus a bhfuil an Coimisiún réidh lena n-éascú.

II.

9. I **Montainéagró**, is príomhthosaíocht de chuid na tíre é próiseas aontachais an Aontais, le tiomantas polaitiúil soiléir ó na húdaráis, rud a léirítear go ginearálta i gcinntí beartais. Áirítear leis sin ráta leanúnach ailínithe 100 % le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, smachtbhannaí san áireamh. Mar thoradh ar easpa rialacha soiléire agus

reachtaíocht thánaisteach atá ag teacht salach ar a chéile maidir le breithiúna a cheapadh, bhí géarchéim institiúideach ann i mí na Nollag 2024, rud a sáraíodh i lár mhí an Mhárta 2025. Tá an rialtas ag feidhmiú i dtimpeallacht pholaitiúil chobhsaí fhoriomlán, ag cur athchóirithe i gcrích agus tá dlús mór curtha aige leis na hullmhúcháin le haghaidh aontachas leis an Aontas le bliain anuas. Tá ceithre chaibidil chaibidlíochta bhreise dúnta go sealadach ag comhdhála idir-rialtasacha mhí na Nollag 2024 agus mhí an Mheithimh 2025 agus tá plean uailmhianach i bhfeidhm chun leanúint ar aghaidh le caibidlí breise a dhúnadh go sealadach nuair a chomhlíonfar na coinníollacha.

Measann an Coimisiún, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, go bhfuil cothromaíocht fhoriomlán á háirithiú faoi láthair idir dul chun cinn faoi na caibidlí maidir leis an smacht reachta, ar thaobh amháin, agus dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais i leith na gcaibidlí ar fad, ar an taobh eile. Lean rialtas Mhontainéagró dá chuspóir a athdhearbhú maidir leis an gcaibidlíocht aontachais a dhúnadh faoi dheireadh 2026. Measann an Coimisiún, faoi réir luas na n-athchóirithe a choinneáil ar bun, go bhfuil Montainéagró ar an mbóthar ceart chun an cuspóir uailmhianach sin a bhaint amach. Chun an méid sin a bhaint amach, ba cheart do Mhontainéagró díriú ar na caibidlí maidir leis an smacht reachta a bhaint amach agus dul chun cinn breise a dhéanamh ar na réimsí ríthábhachtacha seo a leanas - an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus saoirse na meán, an comhrac i gcoinne an éillithe agus na coireachta eagraithe, dlús a chur le hathchóirithe ar neamhspleáchas, gairmiúlacht agus cuntasacht na mbreithiúna agus iad a dhoimhniú, agus ailíniú iomlán a dhéanamh le beartas víosaí an Aontais. Is dúshlán fós é poist ardleibhéil bhreithiúnacha agus ionchúisimh a líonadh go tráthúil agus ní mór aghaidh a thabhairt air sin. I gcaibidlí caibidlíochta earnála, ní mór díriú láithreach ar phríomh-athchóirithe a bhaineann leis an Aontas atá ar feitheamh a bhaint amach agus ar na tagarmharcanna deiridh a chomhlíonadh, bunaithe ar an gcur chuige struchtúrtha dea-phleanáilte chun clár oibre lánpháirtithe an Aontais a chur chun cinn. Tá comhdhearcaidh leathan polaitiúil leanúnach ann maidir le hathchóirithe tábhachtacha ríthábhachtach i gcónaí.

Má choinníonn Montainéagró luas an dul chun cinn ar bun maidir leis na hullmhúcháin i gcomhair bhallraíocht an Aontais, tiolacfaidh an Coimisiún, de réir an chleachtais sheanbhunaithe, dréachtphacáiste airgeadais, agus dréacht-chomhsheasaimh ina dhiaidh sin chun clabhsúr a chur ar an gcaibidlíocht maidir leis na forálacha airgeadais agus buiséadacha, agus tosóidh sé ar dhréacht-chomhsheasamh a ullmhú le haghaidh chaibidil na n-institiúidí.

10. Tháinig an chaibidlíocht aontachais leis **an Albáin** ar mhóiminteam nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo le ceithre chomhdháil idir-rialtasacha eile as ar eascair oscailt na caibidlíochta maidir le cúig chnuasach. Tá dul chun cinn maith déanta maidir leis na hullmhúcháin chun an cnuasach deireanach a oscailt i mbliana. Leis an toradh iontach sin, tugtar aitheantas soiléir do thiomantas daingean polaitiúil na hAlbáine agus do thoilmhianta soiléire shochaí na hAlbáine i leith na hEorpa. Lean an Albáin de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le hathchóirithe faoi chnuasach na mbunphrionsabal. Is fianaise é ailíniú iomlán na hAlbáine le comhbheartas slándála eachtrach an Aontais ar a rogha straitéiseach.

Measann an Coimisiún, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, go bhfuil cothromaíocht fhoriomlán á háirithiú faoi láthair idir dul chun cinn faoi na caibidlí maidir leis an smacht reachta, ar thaobh amháin, agus dul chun cinn sa chaibidlíocht aontachais i leith na gcaibidlí ar fad, ar an taobh eile. Lean rialtas na hAlbáine dá chuspóir a athdhearbhú maidir leis an gcaibidlíocht aontachais a dhúnadh faoi dheireadh 2027. Measann an

Coimisiún, faoi réir luas na n-athchóirithe a choinneáil ar bun, go bhfuil an Albáin ar an mbóthar ceart chun an cuspóir uaillmhianach sin a bhaint amach. Is é an tosaíocht láithreach le haghaidh tuilleadh dul chun cinn ná dlús a chur leis an athchóiriú ar na bunphrionsabail, go háirithe chun comhlíonadh na dtagarmharcanna eatramhacha maidir leis an smacht reachta a d'fhéadfaí a bhaint amach go luath amach anseo a thabhairt chun críche go pras. I gcás caibidlí eile den chaibidlíocht, ní mór díriú ar dhlús a chur leis na príomhthograí reachtacha agus institiúideacha atá ar feitheamh. Baineann sé sin leis na caibidlí sin a d'fhéadfaí a dhúnadh go sealadach sa ghearrthéarma, ach freisin leis na caibidlí sin a bhfuil gá le hinfheistíocht nó coigeartú níos fadtéarmaí ina leith, amhail i réimse na seirbhísí airgeadais. Rinne an Albáin dul chun cinn maidir le hathchóirithe ar chomhar gníomhach idirnáisiúnta in aghaidh na coireachta eagraithe agus ar fhorbairt acmhainneachta le haghaidh imscrúduithe airgeadais, ach tá gá le tuilleadh iarrachtaí in imscrúduithe ar gháinneálaithe drugaí agus chun grúpaí coiriúla a shainaithint agus a dhíchóimeáil. Tá gá le teagmháil chuimsitheach chuiditheach idir an páirtí rialaithe agus an páirtí freasúra, agus na páirtithe leasmhara uile freisin, chun tionchar fadtéarmach a imirt ar an athchóiriú.

11. D'ainneoin na n-imthosca an-deacair sa tír mar gheall ar chogadh foghach na Rúise, lean **an Úcráin** de thiomantas suntasach a léiriú do chonair aontachais an Aontais le bliain anuas. Bhog próiseas aontachais na hÚcráine ar aghaidh nuair a tugadh an próiseas scagtha chun críche i mí Mheán Fómhair 2025. I mí na Bealtaine, ghlac an tír treochláir maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, chomh maith le plean gníomhaíochta maidir le mionlaigh náisiúnta agus a seasamh caibidlíochta do chnuasach na mbunphrionsabal. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar na treochláir sin agus ar an bplean gníomhaíochta. Lean an Úcráin den ionracas agus den fhiúntas a chothú sa chóras breithiúnach agus de chuntas teiste forfheidhmithe a fhorbairt i gcásanna éillithe ardleibhéil agus sheol sí athchóirithe ar roinnt comhlachtaí forfheidhmithe dlí. Tá na srianta a bhaineann leis an dlí airm ar chearta bunúsacha comhréireach i gcónaí ar an iomlán.

Ní mór na treochtaí diúltacha a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear brú ar na gníomhaireachtaí speisialaithe frithéillithe agus ar an tsochaí shibhialta, a aisiompú go cinntitheach. Tá gá le dul chun cinn leanúnach freisin maidir leis an neamhspleáchas, an t-ionracas, an ghairmiúlacht agus an éifeachtúlacht a threisiú sna hearnálacha breithiúna, ionchúisimh agus forfheidhmithe dlí, chomh maith leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe. Ní mór dlús breise a chur leis an ailíniú le caighdeán an Aontais maidir le cearta bunúsacha a chosaint, mar aon le leanúint den riarachán poiblí agus d'athchóirithe díláraithe.

Tá sé curtha in iúl ag rialtas na hÚcráine go bhfuil sé mar chuspóir aige an chaibidlíocht aontachais a dhúnadh faoi dheireadh 2028. Tá an Coimisiún tiomanta do thacú leis an gcuspóir uaillmhianach sin ach measann sé go bhfuil gá dlús a chur le luas na n-athchóirithe, go háirithe maidir leis na bunphrionsabail, go mór mór maidir leis an smacht reachta. Is é measúnú an Choimisiúin gur chomhlíon an Mholdóiv na coinníollacha is gá chun cnuasach a haon (bunphrionsabail) a oscailt chomh maith le cnuasach a sé (caidreamh seachtrach) agus cnuasach a dó (an margadh inmheánach). Measann an Coimisiún go gcomhlíonfaidh an Úcráin na coinníollacha chun na trí chnuasach eile a oscailt faoi dheireadh na bliana. Leanfaidh an Coimisiún den obair chun é a chur ar chumas don Chomhairle a oscailt na mbraislí uile a thabhairt ar aghaidh roimh

dheireadh na bliana. D'ainneoin an dul chun cinn maidir le hathchóirithe bunúsacha, tá tuilleadh iarrachtaí fós fíor-riachtanach.

12. An 28 Meán Fómhair 2025, vótáil muintir na Moldóive i dtoghcháin pharlaiminteacha, rud a d'fhág go raibh tromlach na Moldóive tiomanta go daingean do chonair na tíre i dtreo an Aontais a chur chun cinn. De réir ESCE/ODIHR, rinneadh dea-bhainistiú ar na toghcháin, in ainneoin gur tharla siad i gcomhthéacs chur isteach na Rúise nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Áiríodh leis sin feachtais bhréagaisnéise dhea-eagraithe shofaisticiúla, cibirionsaithe agus maoiniú aindleathach. Bhog próiseas aontachais na Moldóive ar aghaidh i mbliana nuair a tugadh an próiseas scagtha i gcrích i mí Mheán Fómhair 2025. Thairis sin, san Earrach, ghlac an tír treochláir maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha. Tá measúnú dearfach déanta ag an gCoimisiún ar na treochláir sin. Lean an Mholdóiv d'athchóirithe tábhachtacha a chur chun feidhme ar chonair an aontachais leis an Aontas, lena n-áirítear athchóirithe maidir le grinnfhiosrúchán agus ceapadh na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí is airde, maidir le dul i ngleic leis an éilliú agus maidir le saoirse na meán.

Tá sé curtha in iúl ag rialtas na Moldóive go bhfuil sé mar chuspóir aige an chaibidlíocht aontachais a dhúnadh go sealadach faoi thús 2028. Tá an Coimisiún tiomanta do thacú leis an gcuspóir sin, atá uaillmhianach ach indéanta, ar choinníoll go gcuirfidh an Mholdóiv dlús le luas reatha na n-athchóirithe. Is é measúnú an Choimisiúin gur chomhlíon an Mholdóiv na coinníollacha is gá chun cnuasach a haon (bunphrionsabail) a oscailt chomh maith le cnuasach a sé (caidreamh seachtrach) agus cnuasach a dó (an margadh inmheánach). Measann an Coimisiún go gcomhlíonfaidh an Mholdóiv na coinníollacha chun na trí chnuasach eile a oscailt faoi dheireadh na bliana. Leanfaidh an Coimisiún den obair chun é a chur ar chumas don Chomhairle a oscailt na mbraislí uile a thabhairt ar aghaidh roimh dheireadh na bliana. Ag féachaint chun cinn, beidh obair threisithe ar na bunphrionsabail ríthábhachtach, bíodh sin maidir leis an smacht reachta ar bhonn níos forleithne, lena n-áirítear institiúidí frith-éilithe a chomhdhlúthú agus cuntas teiste láidir a chur ar fáil maidir le himscrúduithe, ionchúisimh agus rialuithe deiridh cúirte, nó maidir le hathchóirithe leanúnacha ar an riarachán poiblí.

13. Tá an polarú i sochaí na Seirbia tar éis dul in olcas i bhfianaise ollagóidí atá ar siúl ar fud **na Seirbia** ó mhí na Samhna 2024, rud a léiríonn díomá na saoránach maidir leis an éilliú, inter alia, agus an easpa cuntasachta agus trédhearcachta a mheastar a bheith ann mar aon le cásanna d'úsáid iomarcach fornirt i gcoinne agóideoirí agus brú ar an tsochaí shibhialta. Mar thoradh air sin, tá timpeallacht atá ag éirí níos deacra ina bhfuil creimeadh tromchúiseach muiníne i measc na bpáirtithe leasmhara mar thoradh ar reitric scoilteach, rud a bhfuil tionchar aige ar an bpróiseas aontachais. Tá moill shuntasach tagtha ar na hathchóirithe. Ní mór deireadh a chur le hinsintí frith-AE a úsáideann sealbhóirí oifige polaitiúla go minic agus a ndéanann eagraíochtaí meán aithris orthu. Cé go n-aithníonn sí an méadú a tháinig le déanaí ar ailíniú le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais, ba cheart don tSeirbia dlús a chur lena hiarrachtaí chun ailíniú níos cobhsaí agus níos airde a bhaint amach. Ba cheart don tSeirbia a treoshuíomh geopholaitiúil i leith an Aontais a léiriú go soiléir, lena n-áirítear trí thús a chur le hailíniú le bearta sriantacha an Aontais a rinneadh i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Ba cheart roinnt forbairtí dearfacha a rinneadh le déanaí a thabhairt faoi deara. Leasaigh an tSeirbia a reachtaíocht maidir leis na meáin chun ailíniú breise a dhéanamh le *acquis* an Aontais agus le caighdeáin Eorpacha. Tá an measúnú ón gCoimisiún ó 2021 gur

chomhlíon an tSeirbia na tagarmharcanna tosaigh do chnuasach 3 (iomaíochas agus fás cuimsitheach) fós bailí.

Thairis sin, measann an Coimisiún, maidir leis an bpróiseas a athsheoladh le déanaí chun Comhairle nua an chomhlachta rialála do na meáin leictreonacha a cheapadh agus an próiseas reachtach maidir le glacadh an dlí maidir le clár aontaithe na vótálaithe, go ndéanfar iad a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme ar bhealach inchreidte cuimsitheach, ina mbeidh an tsochaí shibhialta agus na páirtithe leasmhara uile rannpháirteach, lena n-áirítear an freasúra. Meastar go sáróidh an tSeirbia an stad i réimse na mbreithiúna agus na gceart bunúsach ar an iomlán agus go n-aisiompóidh sí go práinneach an cúlú ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus creimeadh na saoirse acadúla chomh maith le dul chun cinn a áirithiú maidir leis an gcreat toghcháin agus díchuachadh na hearnála fuinnimh a thabhairt chun críche. Ba cheart don tSeirbia a liosta tíortha saor ó víosa a ailíniú le liosta an Aontais. Tá gá le haird leanúnach chun an chothromaíocht fhoriomlán a chaomhnú idir an dul chun cinn faoi na caibidlí maidir leis an smacht reachta agus normalú an chaidrimh leis an gCosaiv, ar thaobh amháin, agus luas foriomlán na caibidlíochta aontachais ar fud na gcaibidlí, ar an taobh eile. Faoin Idirphlé arna éascú ag an Aontas, meastar go gcuirfidh an tSeirbia chun feidhme a hoibleagáidí uile a eascraíonn as an gComhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, chomh maith leis na comhaontuithe idirphlé uile a rinneadh roimhe seo. Is é is aidhm don Idirphlé arna éascú ag an Aontas an comhar a chur chun cinn, dul chun cinn a bhaint amach ar an gconair i dtreo an Aontais agus feabhas a chur ar shaol na ndaoine.

Tá an Coimisiún réidh chun tacú leis an tSeirbia na hathruithe daonlathacha is gá a dhéanamh, athruithe a bhfuil gá leo i dtaca le stát a bheidh ina bhallstát den Aontas amach anseo. Ní mór don tSeirbia an tsáinn pholaitiúil agus an deighilt pholaitiúil atá ann faoi láthair sa tsochaí a sháru trí mhuinín a athbhunú i measc ghníomhaithe polaitiúla agus gníomhaithe na sochaí sibhialta agus trí dhálaí a chruthú le haghaidh idirphlé cuimsitheach, rud is gá chun na príomh-athchóirithe riachtanacha a thabhairt chun cinn. Ní mór tiomantas na Seirbia dá conair i dtreo an Aontais agus dá toil pholaitiúil na hathchóirithe riachtanacha a chur chun feidhme go hinchreidte a neartú agus ní mór gníomhaíochtaí nithiúla cinntitheacha a bheith mar bhonn taca leo ar bhealach níos fearr agus ní mór iad a léiriú sa chumarsáid phoiblí. Tá torthaí nithiúla maidir leis an éilliú a chomhrac agus an smacht reachta a neartú, lena n-áirítear neamhspleáchas na mbreithiúna, saoirse na meán, athchóirithe toghcháin, fíorthimpeallacht chumasúcháin a áirithiú don tsochaí shibhialta agus iarrachtaí inchreidte chun stop a chur le bréagaisnéis agus ionramháil eachtrach ar fhaisnéis rithabhachtach don tSeirbia chun dul chun cinn a dhéanamh ar a conair i dtreo an Aontais.

14. Lean **an Mhacadóin Thuaidh** de bheith ag teacht go hiomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais mar fhianaise ar a rogha straitéiseach. Lean na húdaráis de bheith ag obair ar na treochláir maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, agus ar an bplean gníomhaíochta maidir le mionlaigh a chosaint ar gá iad a thabhairt chun críche i bpróiseas cuimsitheach. Mar sin féin, níl céimeanna cinntitheacha glactha aici chun dul chun cinn a dhéanamh sa phróiseas caibidlíochta aontachais le bliain anuas. Níor ghlac sí na hathruithe bunreachtúla ábhartha go fóill, d'fhonn saoránaigh a áireamh sa Bhunreacht a bhfuil cónaí orthu laistigh de theorainneacha an stáit agus ar cuid de mhuintir eile iad, amhail Bulgáraigh, dá dtagraítear sna Conclúidí ón gComhairle ó mhí Iúil 2022, ar thug an tír gealltanais iad a thionscnamh agus a bhaint amach. Ní mór do na comhpháirtithe uile

comhaontuithe déthaobhacha le tíortha comharsanachta a chur chun feidhme de mheon macánta, lena n-áirítear comhaontú Prespa idir an Ghréig agus an Mhacadóin Thuaidh agus an Conradh maidir le Cairdeas, Dea-Chomharsanacht agus Comhar idir an Bhulgáir agus an Mhacadóin Thuaidh.

Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta gasta agus cinntithí maidir leis na tagarmharcanna tosaigh, i gcomhréir leis an gcreat caibidlíochta, d'fhonn an chéad chnuasach a oscailt a luaithe is féidir agus nuair a chomhlíontar na coinníollacha ábhartha. Ba cheart don Mhacadóin Thuaidh dlús a chur leis na hiarrachtaí chun athchóirithe a bhaineann leis an Aontas a bhaint amach, go háirithe faoi chnuasach na mbunphrionsabal, go háirithe chun seasamh leis an smacht reachta, go háirithe trí neamhspleáchas agus sláine na mbreithiúna a chosaint, agus trí chomhrac an éillithe agus na coireachta eagraithe a neartú. Ba cheart aghaidh a thabhairt ar an éilliú gan staonadh, lena n-áirítear trí fhorfheidhmiú a neartú agus cuntas teiste láidir a bhunú maidir le cásanna ardleibhéil a imscrúdú, a ionchúiseamh agus a chiontú go críochnaitheach

15. Sa **Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin**, bhain an ghéarchéim pholaitiúil san einteach *Republika Srpska* agus deireadh na comhghuaillíochta rialaithe ina dhiaidh sin an bonn den dul chun cinn i dtreo aontachais leis an Aontas. Mar thoradh air sin, níor glacadh ach roinnt bheag athchóirithe. Mar sin féin, ar nóta dearfach, i mí Mheán Fómhair 2025, chuir an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a Clár Oibre don Athchóiriú faoi bhráid an Choimisiúin lena chomhaontú. Is fianaise ar a rogha straitéiseach é ailíniú iomlán leanúnach na Boisnia agus na Heirseagaivéine le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Tar éis athruithe institiúideacha a rinneadh le déanaí ar an einteach *Republika Srpska*, tá an deis ag an mBoisnia agus an Heirseagaivéin athchóirithe a chur i gcrích ar an gconair i dtreo an Aontais.

I gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta 2024 tús a chur leis an gcaibidlíocht aontachais, ní mór do na húdaráis díriú arís ar na céimeanna ábhartha uile a leagtar amach sa mholadh ón gCoimisiún i mí Dheireadh Fómhair 2022 a dhéanamh. Áirítear leis sin an Dlí maidir le Cúirteanna agus an Dlí maidir leis an Ardchomhairle Bhreithiúnach agus Ionchúiseach a thabhairt chun críche agus a ghlacadh, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha. Ní mór don Bhoisnia agus an Heirseagaivéin plean náisiúnta a fhorbairt freisin chun an *acquis* a ghlacadh agus comhordaitheoir náisiúnta IPA a cheapadh go práinneach. Tá dul chun cinn maidir leis na saincheisteacha sin, chomh maith le príomh-idirbheartaí a ainmniú, rithábhachtach don Choimisiún chun an creat caibidlíochta a chur faoi bhráid na Comhairle agus chun tús a chur leis an gcuid mhíniúcháin den scagadh ar *acquis* an Aontais. Ba cheart aghaidh a thabhairt go práinneach ar na saincheisteacha a sainaitníodh sa tuairim ón gCoimisiún maidir le hiarratas na tíre ar bhallraíocht, lena n-áirítear maidir le rialachas agus maidir le hathchóirithe bunreachtúla agus toghchánacha.

16. Is iarrthóir ionchasach í an Chosaiv atá tiomanta go seasta dá conair i dtreo an Aontais ó na gníomhaithe polaitiúla uile, agus tacaíocht ard phoiblí ag gabháil léi agus tá sí ailínithe go hiomlán le comhbheartas eachtrach agus slándála an Aontais. Mar sin féin, bhí smál ar chúrsaí intíre sa Chosaiv mar gheall ar an reitric scoilteach sa tréimhse roimh na holltoghcháin i mí Feabhra 2025, agus ina dhiaidh sin ní raibh gníomhaithe polaitiúla in ann na príomhinstitiúidí a bhunú go dtí bunú na Parlaiminte i mí Dheireadh Fómhair agus is beag toilteanas a bhí ann teacht ar réiteach caibidlithe. Sa chomhthéacs sin, tar éis thoghcháin mhí Feabhra 2025, tháinig moilliú foriomlán ar luas na n-athchóirithe, chomh

maith leis an bpolaitíocht scoilteach leanúnach. Ba dhíol sásaimh don Aontas an chéad bhabhta de thoghcháin áitiúla atá síochánta, cuimsitheach agus iomaíoch, le rannpháirtíocht na bpobal uile. Rinneadh roinnt dul chun cinn go háirithe sa chomhrac i gcoinne na coireachta tromchúisí eagraithe agus an chlaochlaithe dhigitigh.

Sa tréimhse atá le teacht, ní mór don Chosaiv filleadh ar an mbóthar ceart ar a clár oibre AE trí chomhar traspháirtí a chruthú agus trí thosaíocht a thabhairt do na hathchóirithe a bhfuil géarghá leo, go háirithe i réimse an smachta reachta agus na saoirse chun tuairimí a nochtadh. Ba cheart don Chosaiv leanúint d'aghaidh a thabhairt ar iarratais ar thearmann gan bhunús chuig an Aontas ó shaoránaigh na Cosaive. Tá an Coimisiún réidh chun Tuairim a ullmhú maidir le hiarratas na Cosaive ar bhallraíocht má iarrtar sin. Faoin Idirphlé arna éascú ag an Aontas, meastar go gcuirfidh an Chosaiv chun feidhme a hoibleagáidí uile a eascraíonn as an gComhaontú maidir leis an gConair i dtreo an Normalaithe agus as an Iarscríbhinn Cur Chun Feidhme a ghabhann leis, chomh maith leis na comhaontuithe idirphlé uile a rinneadh roimhe seo. Is é is aidhm don Idirphlé arna éascú ag an Aontas an comhar a chur chun cinn, dul chun cinn a bhaint amach ar an gconair i dtreo an Aontais agus feabhas a chur ar shaol na ndaoine. Tá na chéad chéimeanna glactha ag an gCoimisiún chun deireadh a chur de réir a chéile leis na bearta a bhí i bhfeidhm ó mhí na Bealtaine 2025. Tá na chéad chéimeanna eile fós ag brath ar an díghéarú leanúnach sa tuaisceart. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún na bearta sin a mhaolú tuilleadh ar choinníoll go mbainfear amach aistriú ordúil rialachais áitiúil sa tuaisceart tar éis dhara babhta na dtoghchán áitiúil agus go gcoinneofar an díghéarú ar bun.

17. Tír is iarrthóir í **an Tuirc** agus tá sí ar cheann de phríomh-chomhpháirtithe an Aontais. Tá an chaibidlíocht aontachais leis an Tuirc ina stad ó 2018 i leith, i gcomhréir leis an gcinneadh ón gComhairle. Is ann fós do na fíorais bhunúsacha as ar eascair an measúnú sin, go háirithe i bhfianaise an chúlaithe bhreise i réimsí na gceart bunúsach agus an smachta reachta, lena n-áirítear na breithiúna a chonacthas i mbliana. Ba cheart don Tuirc na caighdeáin dhaonlathacha is airde a chur i bhfeidhm i gcomhréir lena gealltanais mar chomhaltas seanbhunaithe de Chomhairle na hEorpa agus de thír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas agus an cúlú sin a aisiompú.

Tá leas straitéiseach ag an Aontas i dtimpeallacht chobhsaí shlán sa Mheánmhuir Thoir agus i gcaidreamh comhoibritheach comhthairbheach a fhorbairt leis an Tuirc, go háirithe maidir leis an gclár oibre trasréigiúnach slándála agus nascachta chun an tAontas a thabhairt níos gaire do Chugas Theas agus don Áise Láir agus chun slándáil réigiún na Mara Duibhe a fheabhsú. Mar gheall ar dhúshláin gheopholaitiúla, mar a bhaineann leis na dúshláin a eascraíonn as an aistriú glas agus as an aistriú digiteach, tá gá le comhpháirtíocht níos láidre leis an Tuirc. Agus cobhsaíocht réigiúnach fheabhsaithe sa Mheánmhuir Thoir agus cur chun cinn an dea-chaidrimh idir chomharsana mar bhonn taca leis, glacadh céimeanna nithiúla maidir le saincheisteanna comhleasa. Leanadh den rannpháirtíocht ardleibhéil, agus tosaíodh arís ar an idirphlé ardleibhéil maidir leis an ngeilleagar. Reáchtáladh Idirphlé Ardleibhéil maidir le Trádáil agus maidir leis an Imirce agus an tSlándáil freisin. Is gníomhaí réigiúnach mór i réimse an bheartais eachtraigh í an Tuirc, ar gné tábhachtach é i gcomhthéacs an chaidrimh idir an tAontas agus an Tuirc, fiú má tá tuairimí difriúla fós ann maidir le saincheisteanna áirithe a bhaineann leis an mbeartas eachtrach. Lean an Tuirc de ráta ailínithe foirmiúil an-íseal a bheith aici leis an gcomhbheartas eachtrach agus slándála, cé go raibh leasanna agus aidhmeanna ailínithe go minic le príomhfhorbairtí sa réigiún (síocháin agus nascacht i gCugas Theas, cobhsaíocht sa tSiria, sos comhraic in Gaza agus sprioc réitigh dhá stát). Chuir an Tuirc

beartha sonracha chun feidhme chun stop a chur le teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais i gcoinne na Rúise trína críoch agus ba cheart di leanúint de bheith ag oibriú i gcomhar leis an Aontas maidir le teacht timpeall ar smachtbhannaí.

Ba cheart feidhm a bheith fós ag cur chuige céimnithe comhréireach inchúlaithe chun príomhréimsí comhair a spreagadh, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ó 2023 agus leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach. Ba cheart iarrachtaí cuiditheacha na Tuirce féin a choinneáil ar bun agus aghaidh a thabhairt ar ábhair inní an Aontais. Meastar go n-urramóidh an Tuirc an dlí idirnáisiúnta, dea-chaidreamh comharsanachta agus ceannasacht Bhallstáit an Aontais. Meastar go dtacóidh an Tuirc go gníomhach leis an gcaibidlíocht maidir le réiteach cothrom, cuimsitheach agus inmharthana ar shaincheist na Cipire laistigh de chreat na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir leis na rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear a ngnéithe seachtracha, agus i gcomhréir leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus leis an *acquis*. Ní mór don Tuirc a hoibleagáid a chomhlíonadh freisin chun cur chun feidhme iomlán agus neamh-idirdhealaitheach an Phrótacail Bhreise a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas agus an Tuirc a áirithiú.

18. Athdhearbhaíonn an Coimisiún a dhlúthpháirtíocht dhaingean le muintir na **Seoirsia** agus a ullmhacht chun leanúint de thacaíocht a thabhairt do mhuintir na Seoirsia agus iad ar a mbealach i dtreo todhchaí Eorpach. Ní leor na gníomhaíochtaí a rinne údaráis na Seoirsia chun ionchais an Aontais maidir le tír is iarrthóir ar bhallraíocht san Aontas a bhaint amach. Bhí cúlú tromchúiseach sna bunphrionsabail ar fud an domhain nuair a glacadh reachtaíocht dhiansmachtúil lena mbaintear an bonn de chearta agus saoirsí bunúsacha, ionstraimíú polaitiúil na mbreithiúna, géarleanúint ar cheannairí an fhreasúra, gabhálacha treallacha agóideoirí agus iriseoirí agus laghdú ar an spás sibhialta. Mar thoradh ar chreimeadh phrionsabal an chórais srianta agus ceartúchán agus na cinnteoireachta daonlathaí, mar aon le heaspa formhaoirseachta parlaimintí éifeachtaí, tá méadú tagtha ar an gcumhacht feidhmiúcháin, lena n-áirítear greamú stáit. I mí na Samhna 2024, deimhníodh go soiléir le cinneadh údaráis na Seoirsia gan tús a chur le caibidlíocht aontachais go bhfuil siad ag aistriú ó bheartais na rialtas a bhí ann roimhe seo, ó ardmhianta Eorpacha fhormhór mór mhuintir na Seoirsia, agus ón ngealltanas atá inscríofa i mBunrecht na Seoirsia maidir le lánpháirtiú iomlán na Seoirsia san Aontas a áirithiú. Ag an am céanna, scaip údaráis na Seoirsia reitric agus bréagaisnéis frith-AE go córasach freisin agus níor léirigh siad aon ghealltanas polaitiúil chun na hathchóirithe ábhartha a shaothrú (i.e. na naoi gcéim) a leagtar amach sna moltaí ón gCoimisiún an 8 Samhain 2023, atá riachtanach le haghaidh dhul chun cinn na tíre ar a conair i dtreo an Aontais. Bhain gníomhaíocht údaráis na Seoirsia an bonn den chaidreamh idir an tAontas agus an tSeoirsia agus bhog sé an tSeoirsia ar shiúl ó phróiseas méadaithe an Aontais. Dá bhrí sin, tá deireadh tagtha le próiseas aontachais na Seoirsia leis an Aontas. Go dtí go n-aisiompóidh údaráis na Seoirsia a ngníomhaíocht, rinne an Coimisiún, óna thaobh féin, agus i gcomhlántacht leis an gComhairle, teagmhálacha polaitiúla ardleibhéil a íosghrádú, cúnamh déthaobhach a chur ar fionraí a théann chun tairbhe go díreach d'údaráis na Seoirsia, chomh maith le dlús a chur leis na hiarrachtaí chun tacú leis an tsochaí shibhialta agus leis na meáin neamhspleácha. I mí Eanáir 2025, bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, chinn an Chomhairle an Comhaontú um Eisiúint Víosáí a Éascú idir an tAontas agus an tSeoirsia a chur ar fionraí go páirteach agus an díolúine víosa a chur ar fionraí do shealbhóirí pasanna taidhleoireachta agus seirbhíse/oifigiúla na Seoirsia.

Ní mór don tSeoirsia a cúlú daonlathach a aisiompú go práinneach agus iarrachtaí cuimsitheacha nithiúla a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní agus príomh-athchóirithe atá fós gan réiteach le tacaíocht traspháirtí agus rannpháirtíocht shibhialta éifeachtach i gcomhréir leis na naoi gcéim a leagtar amach le haghaidh stádas mar iarrthóir, agus lánurraim á tabhairt do luachanna agus prionsabail an Aontais ar a bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe. Tar éis na gConclúidí ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2024 gur cuireadh stop *de facto* leis an bpróiseas réamhaontachais mar thoradh ar ghníomhaíochtaí rialtas na Seoirsia agus i bhfianaise chúlú leanúnach na Seoirsia ar na bunphrionsabail ó shin i leith, measann an Coimisiún go bhfuil an tSeoirsia ina tír is iarrthóir de réir ainm, ach ní de réir cleachtais. Ní mór d'údaráis na Seoirsia tiomantas daingean a léiriú chun an cúrsa a aisiompú agus filleadh ar chonair aontachais an Aontais.

VI. IARSCRÍBHINNÍ

Sonraí staidrimh

Táscairí tríú páirtí a bhaineann le stádas an daonlathais, an dea-rialachas agus an smacht reachta i dtíortha is iarrthóirí agus i dtíortha is iarrthóirí ionchasacha